# Rud a fheiceáil ina cheart

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>*Comhtháthú - Teanga, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Comhtháthú agus nascadh - matamaitic a aithint sa timpeallacht<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | línte comhthreomhara, líne cheartingearach, líne thrasnánach, líne ingearach, líne chothrománach, géaruillinn, dronuillinn, maoluillinn, uillinn díreach, uillinn athfhillteach, cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, cón, pirimid, bonn |
| **Áiseanna** | ábhair ealaíne, leathanach A4 nó A3, rialóir 30 cm, uillinntomhas agus/nó gléas tomhais eile, cóip chrua de líníocht pheirspictíoch |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin pictiúr de phirimid chearnógach, pirimid thriantánach agus pirimid dhronuilleogach, áit a mbuaileann na reanna ag pointe lárnach ar an leathanach. Iarr orthu na rudaí a thugann siad faoi deara faoin íomhá a lua. D'fhéadfadh siad tagairt a dhéanamh do:

- na cruthanna a fheiceann siad
- na cineálacha difriúla línte atá le feiceáil
- fad/leithead/doimhneacht na línte

### 2 Gníomhaíocht 2

Tabhair cóip den íomhá do gach dalta. Iarr orthu cur leis an íomhá ag úsáid cruthanna difriúla 2T chun boinn a bpirimidí a dhéanamh. Nuair a bheidh sin déanta acu, lig dóibh a bpictiúir a roinnt le comhscoláire atá ábalta cur síos a dhéanamh ar an íomhá nua.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad cruth difriúil is féidir leat a fheiceáil?<br>• Cad iad airíonna na gcruthanna a fheiceann tú?<br>• Cad iad na huillinneacha is féidir leat a shainaithint?<br>• Cad iad na línte is féidir leat a fheiceáil?<br>• Cad é mar atá cruth x agus y cosúil/ difriúil lena chéile?<br>• Conas is féidir leat do chruthanna a rangú?<br>• Cad iad na cruthanna eile is féidir leat a chur i do phictiúr?<br>• An gcuireann an pictiúr rud ar bith i gcuimhne duit? | • Conas a thug tú faoin tasc?<br>• Conas a bhí a fhios agat go dtiocfadh leat cruth x a chur i do phictiúr?<br>• Cén fáth nár chuir tú cruth x i do phictiúr?<br>• Cén fáth ar rangaigh tú do chruthanna ar an gcaoi seo? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Is féidir difreáil a bhaint amach trí dhoimhneacht na teanga atá ag teastáil a athrú. Beidh daltaí ábalta uillinneacha a mheas chomh maith le hiad a thomhas go dtí céimeanna cruinnis éagsúla – táthar ag súil go mbeidh daltaí níos cumasaí ábalta uillinneacha a thomhas go dtí 1 chéim chruinnis.

